

A-nois molfam Mág Uidhir

[Greene, David: *Duanaire Mhéig Uidhir*, Dublin, 1972, poem 23]

1 Anois molfam Mág Uidhir
cóir dúinn an t-am d'innsoighidh,
do mhuinte andsa do bharr Bhregh
is am damhsa dá dhéinimh.

2 Mithidh damhsa co nua a-nois
déanamh dána tre dhíghrois,
bas díoghainn fan mín an mhuir,
do rígh an mhínfhuinn Mhanchaigh.

3 Rand dom dhán ní dernadh liom
tar énech d'uaislibh Éirionn
don té dar dhual a dhénaimh,
acht mé ag tuar a thaisbénaidh.

4 Gan moladh rígh [fh]réimhe Cuind
as hé dob adhbhor aguind,
gér mhall é d'fhaghlaidh Uladh,
mé ac anmhuin re m'ullmhughadh.

5 Sul do-dhénadh grés molta
dá rígh do dhruim dhúthrachta,
beith ollamh d'fhillidh más fhíor
dligidh gach ollamh airdríogh.

6 Dá ndernainn nír dhénta dúind
(’s nach é gach aon is inrúin)
dán do chleith ccogthaigh cC!unga
's gan bheith fortail bhfhoghluma.

7 Dob é m'adhbhor re hathaidh
co mbeind ullamh d'ealathain
gan moladh ríogh cinidh Chuinn
's gan a dhíol d'fhillidh induind.

8 Mur sin tarla treimhsi ó shoin
d'ollamh Énrí mhic Eoghain
fá Chlár sen bhfeadhumhal bhFhloinn
feadh a ealadhan d'fhoghloim.

9 Brian Ruadh mac Meic Con Midhe
dob é ar fedh a aimsire
saoirbhengán Tighe Dá Thí
file is aoinlendán Énrí.

10 Tarrla dó an uairsin más fhíor
bheith óg mur ollamh n-airdríogh;
sé d'Ó Néill nír chéim chubhaidh
nír bhéim é ar an ollamhain.

11 Brian Ruadh co raibhe sgagtha
le hiomad a and[s]achtae
ar saorbharr d'Temhra Dá Thí
ní dherna aonrann do Énrí.

12 Do dhán, d'fhoghloim is d'aithne,
d'éis Brian do bheith ullmhaighthe
fuair flaith nemhumhal Ó Néill
sgaith a ealadhan aindséin.

13 Do-níthi leis-[s]ion an laoidh
an drécht 'sa[n] t-adhmad d'éntaoibh,
'sa[n] duan díchill uair oile
don sduaidh shíthshing sheabhcoidhe.

14 An t-ollamh 'na adhaigh sin
fuair ó rígh fhréimhe hEoghain,
bos ghécshoillseach nár char crodh,
tal dob éccoimseach d'ollamh.

15 Do-gheibheadh Brian na mbreth dtrom
a bhreth féin d'fhonn is d'fherann
is d'iolmhaoinibh Í Néill náir,
céim dob inmhaoidhimh d'fhagháil.

16 Gá dtámaid ac toigheacht air -
fuair ó Énrí mhac Eoghain
gach réir fan aimsin dob áil
céim do aibhsigh a anáir.

17 Re hÉnrí agus re a ollamh
ós hé críoch ar chanomar,
cosmhail méine sibhsi is sionn
a chéile indsi hÉiriond.

18 Anois gur dherbhus mo dhán
fada meisi, a mheic Shiobhán,
a rélta chorcra chnuic Bhregh,
gan molta dhuit do dhéinemh.

19 Do nós mheic Mheic Con Midhe
do-ghénsa, a ghríobh Gháiridhe,
dot dheirc mhála dá bhfill fiodh
rind mo dhána fám dhíchiol.

20 Muna mhesaindsi mé féin
ollamh, a erla maoithréidh,
dot bhais tsheing nár cládh ó chion
do bheinn gan dán do dhéiniomh.

21 Dá mbeindsi gan bheith ollamh,
ar n-ullmhughadh fuaramar
eidir ollamhnaibh Cláir Chuind
dáigh ro ollamhnaigh fhoghluim.

22 Do-radus échuairt orra
co haipdhioghadh m'fhoghlomae,
beiti tend as m'oige ass
gach oide as ferr dá bhfuarass.

23 Do chaithes fós, feirrde me,
a ndiaigh na n-oideadh eile,
a chend cagaidh fher nUladh
seal agaibh dom ullmhughadh.

24 Créd fá mbeinn gan bheith ollamh?
gach oides uaibh fuaramar
ní hiomdha oide ó bhfuair sind
ar n-oige uaibh gurbh inghill.

25 Ní dá rádha, a rosg málla,
mé dhuit comadh diongmhála
nó do dhóigh gurbh ollamh ind
co fóill mur ollamh fhuilim.

26 Acht an ní ar tús a dtéid neach
'na chend a chridhe fáilteach,
co mbí an ní ollamh amhlaidh,
a rí as orradh d'ollamhnaibh.

27 A iollánaigh Indsi Breg, h,
a mhiond súla sluaigh Gaoidheal,
a shúgh na bhfíonchaor bhfethdha,
a ríchraobh úr fhínemhna.

28 A lámh fá luidhid Gaoidhil
a long fa a lán d'iolmhaoinibh
a sgiath cabhra braonchlár mBreg, h,
claochládh h'anma ní héider.

29 Gécc thoraidh nár thadhuill locht
Cú Chonnacht mac Con Connacht,
mór ndámh dá thogha mur tám

do chlár Logha bhus lendán.

30 Do gheallus d'Aodh, aigneadh grind,
rann as gach dán dá ndingnind;
bos mhaothbhán do thuair mo thol
mo chlaochládhd uaidh ní homhan.

31 Ní hiongnadh d'inghin Í Néill
an lá do thuillfeadh toibhéim,
geall ó mhnáibh Uladh d'fhoghbháil
an náir umhal aghadhnáir.

32 Cruth naoidhe ar néimh na heala,
rún maordha is maith airrdhena,
bos bharrthana shoiléir sheng
anmchara oiléin Eirend.

33 AithÉimher iarthair Eorpa,
sduadh béilbhinn breth ccineolta,
slat mhaordha bhíthe bhannda
aobhdha shíthe shaorchlannda.